CÓD DEA-IOMPAR CHOLÁISTE BHRÍDE

CLÁR
1. Ráiteas
2. Dea-iompar sa Choláiste agus sa Cheantar Máguaird
3. Cód Dea-Iompair
4. Luaíochtaí
5. Straitéisí agus Smachtbhannaí
6. Cead Achomhairc

RÁITEAS

Bunaíodh Coláiste Bhríde sa bhliain 1926.

Is iad aidhmeanna an choláiste ná:

- cur chun cinn na Gaeilge

- suim sa teanga agus sa chultúr a chothú

-saoire i dtimpeallacht Gaelach a chur ar fáil d'aos óg na tíre

Dea-iompar Sa Choláiste agus sa Cheantar Máguaird

Féachann Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde le timpeallacht shlán shábháilte foghlama a chur ar fáil dár gcuid scoláirí ar na cúrsaí uilig. Tá Cód Iompraíochta an choláiste bunaithe ar féinmheas, meas ar dhaoine eile agus meas ar an timpeallacht ionas go gcruthófar atmaisféar dearfach agus comhoibritheach.

Ba mhaith linn go mbainfeadh gach scoláire taitneamh agus tairbhe as chúrsa i gColáiste Bhríde agus go mbeadh siad slán sabháilte ag an am céanna.

Leagan leasaithe Aibreán 2023

CÓD DEA-IOMPAR CHOLÁISTE BHRÍDE

Cuirtear béim ar ghéithe dearfacha d'iompar na scoláirí agus spreagtar chun dea-iompair iad i dtólamh.

Bíonn muid ag dúil go léireoidh lucht stiúrtha an choláiste, muintir na háite agus scoláiri meas ar a chéile agus ar an cheantar agus ar an timpeallacht.

Glacann muid leis, fosta, go mbeidh scoláirí sásta

- a ndícheall a dhéanamh Gaeilge a labhairt agus a fhoghlaim le linn an chúrsa. **Cuirtear i gcuimhne gurb í an Ghaeilge teanga teagaisc agus cumarsáide Choláiste Bhríde;**
- bheith i láthair ag na himeachaí uilig sa choláiste;
- páirt iomlán a ghlacadh sna ranganna agus in imeachtaí eile an choláiste;
- cuidiú le lucht stiúrtha an choláiste;
- cuidiú leis na scoláirí eile;
- cloí le polasaí an choláiste maidir le halcól agus subtaintí, dleathacha no mídhleathacha, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh fein ná do dhaoine eile;
- cloí le polasaí an choláiste maidir le húsáid an locha agus le dul i gcomhar uisce nó dul ag snámh;
- cloí le rialacha an choláiste maidir le húsáid fóin póca, le húsáid ríomhaire, le glacagh grianghraf agus le húsáid suíomhanna idirlín;
- iad féin agus daoine eile a choinneail slán sábháilte;
- cloí le rialacha breise ar bith a chuirtear i bhfeidhm le linn an chúrsa.

COD DEA-IOMPAIR

MEAS A LÉIRIÚ

Ciallaíonn se sin…

- …go gcaithfidh tú géilleadh d'údarás an Ardmháistir, na múinteoirí agus na mná tí i rith an ama;
- …go léiríonn tú meas ar fhoireann an choláiste, ar do chuid comhscoláirí, ar bhean a' tí, ar bhunadh na háite agus ar an chomharsanacht i gcoitinne;
- …go mbíonn tú cuidiúil agus go gcaitheann tú go béasach agus go measúil le scoláirí eile, leis an fhoireann múinteoirí agus le bean a' tí;
- …go mbíonn meas agat ar threoracha ó mhúinteoirí, bean a'tí agus bainistíocht an choláiste;

- …go mbaineann tú úsáid as na cannaí bruscair sa choláiste, i gclós an choláiste agus sna tithe loistín;
- …go mbíonn meas agat ar shealúchas an choláiste, ar shealúchas bhean a' tí agus ar shealúchas dhaoine eile;
- …go n-iompraíonn tú tú féin go sásúil ar thurasanna;
- …nach ndéanann tú bulaíocht ar scoláirí eile ó bhéal ná go fisiceach;
- …nach n- úsáideann tú teanga atá ionsaitheach ná maslach;
- …nach mbriseann tú, nach loiteann tú agus nach ndéanann tú aon damáiste do mhaoin nó do threalamh a bhaineann leis an choláiste nó leis an teach loistín;
- …nach mbíonn guma coganta agat sa choláiste ná sa chlós.

CLOÍ LE RIALACHA AN CHOLÁISTE

Ciallaíonn se sin…

- …go gcinntionn tú go bhfuil tu eolach ar na rialacha agus go gcloíonn tú leo le linn an chúrsa;

GAEILGE A LABHAIRT AGUS A FHOGHLAIM

Ciallaíonn sé sin…

- …go ndéanann tú iarracht Gaeilge a labhairt sna ranganna Gaeilge maidne, ag na ranganna damhsa agus ceoil, ag amanna cluichí, ag imeachtaí oíche agus imeachtaí eile siamsaíochta, ar thurasanna agus sna tithe loistin;
- …go n-éisteann tú go hairdeallach agus go nglacann tú páirt go gníomhach sna ranganna;
- …go mbíonn peann agus cóipleabhar agat sna ranganna foirmeálta gach maidin;
- …go gcleachtaíonn tú do chuid Gaeilge i rith an ama ar an chúrsa ag gach imeacht, thart fán choláiste agus sa teach lóistín le do chuid cairde, múinteoirí agus le bean an tí.

CÓD DEA-IOMPAR CHOLÁISTE BHRÍDE

BHEITH I LÁTHAIR AG NA HIMEACHAÍ UILIG SA CHOLÁISTE
PÁIRT IOMLÁN A GHLACADH SNA RANGANNA AGUS IN IMEACHTAÍ EILE AN CHOLÁISTE
CUIDIÚ LE LUCHT STIÚRTHA AN CHOLÁISTE
CUIDIÚ LEIS NA SCOLÁIRÍ EILE

Ciallaíonn siad sin…

- …go mbíonn tú i lathair sna ranganna maidne agus go nglacann tú páirt iomlán iontu;
- …go mbionn tú i láthair sna ranganna iarnóna agus go nglacann tú páirt iomlán iontu;
- …go mbionn tú i láthair ag na himeachtaí iarnóna agus oíche agus go nglacann tú páirt iomlán iontu;
- …go mbíonn tú sásta cuidiú ar achan dóigh le lucht an choláiste, idir mhúinteoirí agus scoláirí, agus le muintir na háite.

CLOÍ LE POLASAÍ AN CHOLÁISTE MAIDIR LE HALCÓL AGUS SUBTAINTÍ, DLEATHACHA NO MÍDHLEATHACHA, A D'FHÉADFADH DOCHAR A DHÉANAMH DUIT FEIN NÁ DO DHAOINE EILE

Ciallaíon sé sin…

- … go bhfuil cosc iomlán ar dhrugaí mídhleathacha; nach bhfuil cead agat drugaí nó aon substaintí eile mídhleathacha a ghlacadh agus nach bhfuil cead agat iad a bheith i do sheilbh agat ná baint ar bith a bheith agat leo;
- … go bhfuil cosc iomlán ar shubstaintí atá go fóill dleathach ach atá contúirteach; nach bhfuil cead agat na substaintí seo a ghlacadh, iad a bheith i do sheilbh agat ná baint ar bith a bheith agat leo ;
- …go bhfuil cosc iomlan ar alcól agus ar ólachán;
- …nach bhfuil cead agat bheith ag úsáid galtóitíní/bheith ag vápáil
- …nach bhfuil cead agat gabháil isteach i dteach tabhairne.

CLOÍ LE POLASAÍ AN CHOLÁISTE MAIDIR LE HÚSÁID AN LOCHA AGUS LE DUL IN AICE NA TRÁ NÓ DUL AG SNÁMH

Ciallaíonn sé sin…

- …nach bhfuil cead agat dul chun an locha, nó ar an locha, ach amháin le ball d'fhoireann an choláiste ag am atá leagtha síos;
- … nach bhfuil cead agat dul chun na trá, ach amháin le ball d'fhoireann an

choláiste ag am atá leagtha síos;

- … nach bhfuil cead agat dul ag snámh, am ar bith, áit ar bith, ach amháin le ball d'fhoireann an choláiste i láthair agus ag an am agus ins an áit atá leagtha síos.

TÚ FÉIN AGUS DAOINE EILE A CHOINNEAIL SLÁN SÁBHÁILTE

Ciallaíonn sé sin…

- …go gcaithfidh tú stopadh sa teach lóistín achan oíche, i rith an ama, idir am suipéir agus am bricfeasta;
- …nach bhfuil cead agat síob a iarraidh nó síob a ghlacadh i gcarr nó ar ghluaisrothar;
- …go gcaithfidh tú cead a fháil ó údaráis an choláiste chun imeacht ó cheantar an choláiste;
- …go siúlann tú go hordúil agus go cúramach ar na bóithre;
- …go bhfuil cosc iomlán ar sceana, léasair nó aon chineál arm ionsaitheach;
- …go bhfuil cosc iomlan ar thoitíni, ar lastóirí agus ar chipíní taobh istigh den teach agus den choláiste.

CLOÍ LE RIALACHA AN CHOLÁISTE MAIDIR LE HÚSÁID FÓIN PÓCA, LE HÚSÁID RÍOMHAIRE, LE GLACAGH GRIANGHRAF AGUS LE HÚSÁID SUÍOMHANNA IDIRLÍNE

Ciallaíonn sé sin…

- …go múchann tú do ghuthán phóca le linn uaireanta teagaisc sa cholaiste
- …go múchann tú do ghuthán phóca agus go bhfágann tú faoi chúram do bhean an tí i rith na hoíche é;
- …nach ndéanann tú aon fhocal scríofa, pictiúir nó ábhair eile a thairgeadh, a thaispeáint nó a dháileadh trí facebook agus/nó aon mheán eile ar an idirlíon gan cead an duine a mbaineann sé leis/léi;
- …nach ndéanann tú aon fhocal scríofa, pictiúir nó ábhair eile a d'fhéadfadh imeagla nó náire a chur ar dhuine nó a chlú a mhilleadh, a thairgeadh, a thaispeáint nó a dháileadh trí facebook agus/nó aon mheán eile ar an idirlíon **i gcás ar bith**;
- …nach bhfuil cead agat grianghraif a ghlacadh ná íomhanna a thaifeadeadh ach amhain le cead agus do d'úsáid phearsanta féin;
- …nach bhfuil cead agat aon íomhanna a bhaineann leis an choláiste a uaslódáil ar shuímh idirlín ar bith gan cead o údaráis na colaiste.

CÓD DEA-IOMPAR CHOLÁISTE BHRÍDE

BEARTA CHOISCTHEACHA

I gColáiste Bhríde spreagtar scoláirí ina gcuid iarrachtaí seasamh leis an Chód Dea-Iompair trí na bearta seo a leanas**:**

1. Foilsítear an Cód Dea-Iompair ar shuíomh idirlín an choláiste i mBéarla agus i nGaeilge agus foilsítear leagan achomair sa bhroisiúr agus sa chomhfhreagras a chuirtear chuig tuismitheoirí roimh thús cúrsa ;
2. Iarrtar ar scoláirí agus ar a dtuismitheoirí é a léamh ar an suíomh idirlín agus a n-aontú lena bhfuil ann a shíniú. Agus sin á dhéanamh acu admhaíonn siad a dtacaíocht dó agus a gcomhoibriú leis. Tá sé seo ann le cinntiú go dtuigeann tuismitheoirí agus scoláiri cad iad ár gcuid rialacha, cén fáth ar gá cloí leo agus cad iad na nósanna imeachta a leanfar mura gcoinnítear iad;
3. Ag tús gach cúrsa míníonn Ardmhaistir an chúrsa an Cód Dea-Iompair leis na scoláirí uilig go dátheangach. Déantar é sin le deis a thabhairt do scoláirí smaoineamh faoi agus labhairt ar chúrsaí iompair, foghlama agus rialacha ionas go dtuigfidh siad cad é a chiallaíonn an Cód Dea-Iompair dóibh;
4. Aithnímid i gColáiste Bhríde go bhfuil dlúthbhaint idir teagasc agus foghlaim éifeachtach agus dea-iompar. Nuair a bhíonn scoláirí páirteach agus spreagtha chun foghlama, is mó an seans go mbeidh a n-iompar dearfach;
5. Má sháraíonn scoláire riail, iarrtar air in amanna an riail a sháraigh siad a mhíniú, an tionchar a bhí ag an sárú sin ar bhaill phobal an choláiste a mhíniú, agus cén dóigh a dtiocfadh leo gníomhú go difriúil amach anseo le nach sáródh siad an riail arís. Déantar é sin chun íogaireacht agus tuiscint an scoláire do dhaoine eile a fhorbairt agus chun cuidiú leo cloí le rialacha an choláiste amach anseo;
6. Leagann polasaí Frithbhulaíochta Choláiste Bhríde, atá foilsithe ar an suíomh idirlín fosta, na céimeanna a ghlactar maidir le sárú líomhnaithe an pholasaí;
7. Cinnteoidh an coláiste go gcuirfear caighdeáin agus rialacha in iúl ar dhóigh a thuigfidh daltaí le riachtanais speisialta oideachais.

Leagan leasaithe Aibreán 2023

CÓD DEA-IOMPAR CHOLÁISTE BHRÍDE

LUAÍOCHTAÍ

I gColáiste Bhríde úsáideann múinteoirí na modhanna seo a leanas chun a seasamh leis an chód iompraíochta a chúiteamh le daltaí:

- *An scoláire a mholadh ó bhéal go príobháideach*
- *Ráiteas dearfach i leith an scoláire a fhógairt ón stáitse.*
- *An scoláire a mholadh ó bhéal ag tús ranga*
- *Ról ceannaireachta a thabhairt do scoláirí mar chuiditheoirí/réiteoirí.*
- *Éachtaí oibre scoláirí a chur ar taispeáint ar na cláir fógraí.*
- *Éachtaí oibre scoláirí a chur in iúl do thuismitheoirí.*

STRAITÉISÍ AGUS SMACHTBHANNAÍ

Is í is feidhm do na straitéisí agus do na smachtbhannaí seo athrú a thabhairt ar iompar. Cuidíonn siad le scoláirí foghlaim go bhfuil a n-iompar míshásúil agus foghlaim fosta chun freagracht a ghlacadh as a n-iompar.
Úsáidtear na straitéisí agus na smachtbhannaí seo a leanas ionas go dtuigfidh ár gcuid scoláirí go bhfuil roghanna acu faoina n-iompar féin agus go mbíonn iarmhairtí ag dul le gach rogha. Tá siad céimnithe ionas go nglactar san áireamh cineál agus comhthéacs an teagmhais:

- *Cur i gcuimhne rialach nó soiléiriú rialach*
- *Rabhadh don scoláire*
- *Agallamh nó plé leis an scoláire a chur in iúl an iompair a bhfuiltear ag súil leis*
- *Leagan amach ná suíochán a athrú nó suíochán an scolaire a bhogadh sa tseomra ranga*
- *Tasc éigin úsáideach a chomhlionadh sa choláiste*
- *Leithscéal a ghabháil le múinteoir, le bean a'tí nó le duine ar bith eile eile d' fhoireann an choláiste, no eile*
- *Pribhléid a bhaint*
- *Glaoch gutháin ar thuismitheoirí*
- *An dalta a thógáil ar shiúl ó láthair an teagmhais ach é go fóill faoi mhaoirseacht*

Áirítear na rudaí seo a leanas i measc straitéisí agus smachtbhannaí as míghníomhartha níos tromchúisí nó as sáruithe leanúnacha ár gcóid iompraíochta. Ní gá gur san ord a liostaítear iad seo is féidir a gcur i bhfeidhm:

- *Taifead foirmiúil a dhéanamh den sárú rialach*
- *Tarraingt siar ón rang*
- *Bileog Litearthachta le líonadh*

Leagan leasaithe Aibreán 2023

- *Glaoch gutháin chuig tuismitheoirí*
- *Díbeart ón choláiste*

Is é an múinteoir an chéad fhoinse chuidithe do scoláirí. Mar cheannaire léinn agus mar dhuine a bhfuil caidreamh iontaoibh bunaithe aige, beidh tionchar láidir ag an mhúinteoir ar scoláirí. Tá freagracht ar gach múinteoir iompar a bhainistiú ina seomra féin agus déileálfaidh siad le gnáth-theagmhais mhí-iompair trí straitéisí bainistíocht ranga. Scoláirí nár tháinig an bunathrú iompraíochta inmhianaithe orthu ainneoin míle dícheall an choláiste cuirfear chuig an Ardmháistir iad.

STRAITÉISÍ A BHAINEANN LE SÁRUITHE LEANÚNACHA DEN CHÓD DEA-IOMPAIR

1. Beidh cásanna ann go mbainfear leas as tarraingt siar pribhléidí nó tarraingt siar as an rang chun freagracht agus dearcadh dalta a fheabhsú m.s. drochphoncúlacht, drochtheanga, iompar garbh, droch-iompar ar pháirc imeartha, ar na bóithre nó sna tithe loistín agus a leithéad.;
2. Má tharlaíonn sárú rialacha arís agus arís eile is féidir go gcuirfear scéal abhaile chuig na tuismitheoirí ag miniú dóibh cad é an choir (nó coireanna) a tharla agus ag iarraidh orthu cur ina luí ar an scoláire chomh tábhachtach is atá sé cloí le rialacha an choláiste;
3. Má sharaíonn scoláire riail na Gaeilge cuirfear i ngéibheann é. Sainmhínítear géibheann mar thréimhse uair a chloig le linn am cluichí/dioscó nó eile nuair a bheas an scoláire faoi fheitheoireacht bhall foirne scartha ó na scoláirí eile agus tasc oibre le cur i gcrích aige;
4. I gcás scoláire a sháraíonn riail na Gaeilge arís agus arís eile cuirfear scéal chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí;
5. Má bheirtear ar scoláire ag úsáid fón poca nó fón poca a bheith ina sheilbh aige ar áitreabh an choláiste nó mórthimpeall an choláiste tógfar an fón uaidh ar feadh an tseisiún;
6. Feidhmeoidh an tArdmháistir lasmuigh den phróiseas seo ar mhaithe le haire agus sábháilteacht na scoláirí, bunadh na dtithe agus na foirne más gá;
7. Tá sé d'údarás ag an Ardmháistir scoláire a dhibirt as Coláiste Bhríde más sárú tromchúiseach den ChódDea-Iompair atá ann;
8. Iarrfar ar scoláire imeacht go huathoibríoch ó chúrsa Choláiste Bhríde má sháraíonn sé bunrialacha sabháilteachta mar
    - úsáid substaintí mídhleathacha/ag vápáil,
    - ólachán

- bheith as láthair ón teach lóistín san oíche;
- dul ag snámh no chun an locha no chun na trá gan cead;
- coireanna tromchúiseacha eile mar bulaíocht leanúnach nó máistíneacht.

Ní liosta iomlán é seo.

9. Is feidir nach mbeidh cead ag scoláire pilleadh ar Choláiste Bhríde an chéad bhliain eile má thig Bord Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde ar an chinneadh seo. Sa chás go gcuirfear scoláire chun abhaile ón chúrsa, is faoin tuiste/chaomhnóir an scoláire teacht chun an choláiste leis an scoláire a phiocadh suas.

CEAD ACHOMHAIRC

Sa chás go mbíonn scoláire le cur chun abhaile ón chúrsa beidh cead achomhairc ag a chuid tuismithoirí in eadán chinneadh an Ardmháistir. Is féidir leo aon ní a mbeadh tionchar aige ar an cheist dar leo a chur faoi bhráid an Choiste Achomhairc, coiste a chuirfidh an coláiste ar bun.

Beidh beirt bhall de chuid Bhord Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde ar an Choiste Achomhairc, beirt nach raibh baint acu leis an chinneadh i dtús ama. Scrúdóidh siad na sonraí a chuirfear os a gcomhair agus cuirfidh siad an cinneadh deireanach in iúl don Ardmháistir agus do na tuismitheoirí ina dhiaidh sin.

FAOFA AG BORD FEIDHMIÚCHÁIN CHOLÁISTE BHRÍDE AR

Síniú: p.p. Niall Ó Muirí _____ **Dáta: 15ú Aibreán 2023**
(Cathaoirleach Bhord Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde)

Síniú: _____ **Dáta: 15ú Aibreán 2023**
(Rúnaí Choláiste Bhríde)

Déanfar athbhreithniú ar an pholasaí seo i 2024

Leagan leasaithe Aibreán 2023

CÓD DEA-IOMPAR
CHOLÁISTE BHRÍDE

Leagan leasaithe Aibreán 2023